V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10786 – BNP PARIBAS / CACEIS / JV)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 450/09)

1. An 17 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— BNP Paribas SA ("BNPP", an Fhrainc),

— CACEIS SA ("CACEIS", an Fhrainc), atá á rialú ag Crédit Agricole SA (an Fhrainc).

Déanfar seirbhísí iontaoibhe corparáideacha BNPP agus CACEIS sa Fhrainc a chomhcheangal faoi eintiteas nua, agus gheobhaidh BNPP agus CACEIS comhrialú an eintitis nuachruthaithe de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— is é BNPP máthairchuideachta BNP Paribas Group, ar grúpa baincéireachta domhanda é atá gníomhach i mbaincéireacht mhiondíola, i mbainistiú sócmhainní agus i seirbhísí, chomh maith le baincéireacht chorparáideach agus infheistíochta,

— is fochuideachta de chuid Crédit Agricole SA é CACEIS agus cuireann sé seirbhísí árachais agus bainistíochta sócmhainní ar fáil do chliaint chorparáideacha, d'infheisteoirí institiúideacha, do bhaincéireacht agus do bhróicéirí.

3. Beidh an chuideachta nuachruthaithe, atá ina comhfhiontar, gníomhach i soláthar seirbhísí iontaobhais chorparáidigh sa Fhrainc. Baineann seirbhísí iontaobhais chorparáidigh le bainistiú scairchaipiteal cuideachta (bíodh an chuideachta liostaithe go poiblí nó ná bíodh) agus lena fiachas (bainistiú chlár na n-infheisteoirí, cruinnithe ginearálta agus idirbhearta maidir le hurrúis agus seirbhísí airgeadais gaolmhara, chomh maith le soláthar seirbhísí maidir le scairsheilbh dhíreach fostaithe).

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10786 – BNP PARIBAS / CACEIS / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË